Amach ó chósta an iarthair

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi oileán amach ó chósta iarthar na tíre. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte faoi na focail, féachaigí san fhoclóir.



- *boaters* _____
- *Marine Survey Office* _____
- *put ashore, go ashore* _____
- *notable person* _____
- *monastery sites* _____
- *conserved, protected* _____
- *inhabitants* _____
- *it would ruin the island* _____
- *very magical* _____
- *pleading with him* _____

Breathnaígí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar logainmneacha seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí ar an suíomh idirlín – www.logainm.ie.

Sligo _____
County Sligo _____
Mullaghmore _____
Inishmurray _____

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 4 '…Oifig Suirbhéireacht **na Mara**..'

Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach, uatha agus iolra, sa mhír.

Bain amach na lúibíní sna samplaí seo a leanas agus cuir an t-ainmfhocal agus an t-alt sa tuiseal ginideach.

Breathnaigh ar an tuairisc ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

lucht (na báid): _____
séasúr turasóireachta (an samhradh) _____
ó chósta (an Mullach Mór) _____
Iar-Ambasadóir (na Stáit Aontaithe) _____
i measc (na cuairteoirí) _____

Ceist 5 Scríobh amach an méid a dúirt Keith Clarke i nGaeilge. Cad a bhí ag an duine in aice leat? Tosaigh le 'Dúirt Keith Clarke..'

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Ar cheart srian a chur ar líon na dturasóirí a thagann chun na tíre gach bliain? Cén fáth?
2. Cén fáth a mbaineann turasóirí sult as am a chaitheamh in Éirinn, dar leat?
3. Cad is brí leis an dá nath cainte seo: 'teacht i dtír ar rud' agus 'teacht i dtír ar dhuine'?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

boaters	*bádóirí*
Marine Survey Office	*Oifig Suirbhéireachta (na) Mara*
put ashore, go ashore	*cuir i dtír, dul i dtír*
notable person	*duine mór le rá*
monastery sites	*láithreacha mainistreacha*
conserved, protected	*caomhnaithe*
inhabitants	*áitritheoirí*
it would ruin the island	*mhillfeadh sé an t-oileán*
very magical	*an-draíochtúil*
pleading with him	*ag impí air*

Ceist 2

Sligo	*Sligeach*
County Sligo	*Contae Shligigh*
Mullaghmore	*An Mullach Mór*
Inishmurray	*Inis Muirígh*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

lucht **na mbád**
séasúr turasóireachta **an tsamhraidh**
ó chósta **an Mhullaigh Mhóir**
Iar-Ambasadóir **na Stát Aontaithe**
i measc **na gcuairteoirí**

Ceist 5

Dúirt Keith Clarke nár tharla timpiste riamh, agus gur leor é sin mar fhianaise. Dúirt sé go gcuireann sé isteach air go bhfuil bagairt á déanamh ar a shlí bheatha. Dúirt sé freisin go bhfuil áirithintí do mhí na Bealtaine aige ó mhí Dheireadh Fómhair seo caite. Níl a fhios aige cad is féidir leis a dhéanamh leis na háirithintí sin.

Ceist 6

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.

Maolra Mac Donnchadha
I gContae Shligigh, tá imní ar bhádóirí ar an Mullach Mór faoin gcosc atá curtha orthu ag Oifig Suirbhéireachta na Mara paisinéirí a thabhairt isteach go hInis Muirígh. Cuireadh litir chuig lucht na mbád le gairid a rá nach raibh cead acu a dhul ar an oileán feasta, tharla nach raibh sé sábháilte paisinéirí a chur i dtír ann. Deir na bádóirí nár tharla aon timpiste riamh ann, agus tá siad ag éileamh go rachfaí siar ar an gcinneadh láithreach, roimh shéasúr turasóireachta an tsamhraidh.

Eibhlín Ní Choistealbha
Le 32 bliain anuas tá an bádóir, Keith Clarke, ag tabhairt cuairteoirí isteach go hInis Muirígh, oileán beag atá lonnaithe 7 gciliméadar amach ó chósta an Mhullaigh Mhóir i Sligeach. Go deimhin tá daoine móra le rá, leithéidí Iar-Ambasadóir na Stát Aontaithe Jean Kennedy-Smith i measc na gcuairteoirí a thug Keith isteach go dtí an t-oileán.

Tá ceann des na láithreacha mainistreacha is fearr atá caomhnaithe sa tír, ón 6ú haois, lonnaithe ar Inis Muirígh. Ach anois, tá sé ráite ag an Oifig Suirbhéireachta Mara, atá mar chuid den Roinn Iompair, le tuairim is seisear bádóirí nach bhfuil cead acu dul isteach ann a thuilleadh mar go bhfuil fadhbanna sábháilteachta ann do phaisinéirí dul i dtír ar an oileán agus nach bhfuil sé oiriúnach beag ná mór.

Keith Clarke
There has never been an accident, isn't that record enough for it to have. I feel very badly that it's our livelihood being threatened. I have bookings there since last October, for the month of May. And, what am I going to tell them like?

Eibhlín Ní Choistealbha
D'fhág na háitritheoirí deireanacha an t-oileán in 1948, ina measc, bhí athair Shinéad Magee, nach raibh ach 7 mbliana d'aois ag an am.

Sinéad Magee, Sligeach
Ní dóigh liom go bhfuil an fhadhb sábháilteachta ann, tá sé mar sin le blianta fada agus níor ghortaigh aon duine iad féin. Níor mhaith linn go mbeadh an iomarca daoine ag dul isteach agus amach ar Inis Muirígh mar mhillfeadh sé an t-oileán[1] álainn.

An Comhairleoir Marie Casserly, Neamhspleách
Tá sé an-tábhachtach go bhfuil an fhadhb[2] seo…go bhfuil réiteach ar an bhfadhb seo chomh luath agus is féidir, mar téann na bádóirí amach i rith an tsamhraidh agus téann na turasóirí amach ar an oileán freisin, so, tá an Roinn ag lorg níos mó airgid chun feabhsú a dhéanamh ar an oileán agus ansin, beidh na turasóirí in ann dul ar an oileán, mar is áit an-draíochtúil agus an-spéisiúil í.

Brendan Griffen TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Ba mhaith liom an rud a phlé leis na bádóirí, mar tá sé an-tábhachtach don tionscal turasóireachta[3] i Sligeach.

Eibhlín Ní Choistealbha
Beidh cruinniú ag na bádóirí leis an Aire Stáit, Brendan Griffen, i Sligeach ar maidin amárach. Deir siad go mbeidh siad ag impí go láidir air, an cosc atá curtha orthu dul isteach is amach go hInis Muirígh, a tharraing siar.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 ar an Mullach Mór i Sligeach.

[1] *an oileán* a dúradh
[2] *an fadhb* a dúradh
[3] *tionscal turasóireacht* a dúradh